**Miontuairiscí ón 16ú cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta Dé Céadaoin 3 Feabhra 2016 in oifig Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.**

**I láthair:** Antoine Ó Coileáin (Gael Linn), Caitríona Ní Cheallaigh (Cumann na bhFiann), Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Lorcán Mac Gabhann (Glór na nGael), Liam Ó Maolaodha (Oireachtas na Gaeilge) agus Nóra Ní Loingsigh (Gaelscoileanna).

**Ag freastal:** Seán Ó Coinn (Cathaoirleach an Fhóraim & Foras na Gaeilge), Éamonn Ó hArgáin (Foras na Gaeilge) agus Steph Uí Choinne (Rúnaí an Fhóraim).

**Leithscéal:** Bláthnaid Ní Ghréacháin (Gaelscoileanna), Regina Uí Chollatáin (An Fóram Forbartha Teanga) agus Dónall P. Ó Baoill (Comhairle Pleanála Teanga).

**Clár an chruinnithe a aontú**

1. Aontaíodh ar chlár an chruinnithe. Ardaíodh ceist arbh fhéidir maoiniú na gCeanneagraíochtaí sa todhchaí a chur ar an chlár don chéad chruinniú eile i ngeall ar laghdú ar an mhaoiniú ó thuaidh, agus ó dheas dá réir, agus i gcomhthéacs na gciorruithe a bheadh le déanamh ar na buiséid as seo go ceann 4 bliana eile. Aontaíodh go gcuirfí sin ar an chlár.

**Miontuairiscí ón 14 Nollaig 2015 agus nithe ag éirí astu**

2. Glacadh leis na miontuairiscí ón 14 Nollaig 2015. Cuireadh in iúl go raibh na miontuairiscí ón chruinniú ar 16 Meán Fómhair foilsithe ar shuíomh Idirlín Fhoras na Gaeilge anois.
3. Cuireadh in iúl gur scaipeadh na téarmaí tagartha don taighde mar eolas agus go raibh an sceideal athraithe ag Coláiste na hOllscoile ach go mbeadh dréacht-thuairisc ann faoi dheireadh Iúil 2016.
4. Cuireadh in iúl nach bhfuair gach Ceanneagraíocht an chéad sciar dá ndeontas le haghaidh Eanáir go fóill, agus go mbeadh an cheist sin le fiosrú i bhForas na Gaeilge. Míníodh go raibh deacracht ag Foras na Gaeilge ag fáil an sciar ón Roinn ó thuaidh toisc nach raibh Plean Gnó an Fhorais Teanga faofa ach go raibh an fhadhb sin réitithe ó shin.
5. Ardaíodh ceist faoin íos-teorainn airgid nár ghá tuairisciú a dhéanamh ina leith agus cuireadh in iúl gurbh é a bhí i gceist leis sin ná rogha a bheith ag na Ceanneagraíochtaí méideanna suas go dtí €1,000 sa bhuiséad aontaithe a aistriú, agus go ndéanfaí sin a thuairisciú mar leasú buiséid. Míníodh go gcaithfidh an cheist sin a phlé go hinmheánach i bhForas na Gaeilge.
6. Ardaíodh ceist faoin dá mheamram comhthuisceana a bhain le Forbairt na Gaeilge ag leibhéal an Phobail agus Tógáil Teaghlaigh le Gaeilge, agus cuireadh in iúl nach raibh siad pléite ag na boird stiúrtha uile go fóill ach go mbeadh siad pléite faoin chéad chruinniú eile.
7. Rinneadh tagairt don Straitéis le Forbairt na Gaeilge agus a Chosaint 2015 – 2035 agus cuireadh in iúl go raibh litir dhlíodóra curtha chuig an Fheidhmeannas ó thuaidh ag Conradh na Gaeilge.

**Tuairisc nuashonraithe Mheitheal Maoinithe na gCeanneagraíochtaí**

8. Pléadh an tuairisc maidir leis an mheitheal maoinithe agus aontaíodh go raibh gá le téarmaí tagartha don mheitheal ó thaobh aidhm na meithle de srl. agus go mbeadh sin le scaipeadh ar an Fhóram mar eolas. Léiríodh imní faoin mhéid oibre a bhí i gceist le hiarratais ar mhaoiniú Eorpach i ngeall ar chúraimí oibre eile na bhfostaithe. Mhínigh an Cathaoirleach gurbh é an aidhm a bhí leis an mheitheal ná an próiseas i dtaca le hiarratais ar airgead na hEorpa a éascú agus súil ann go dtiocfadh iarratas ar mhaoiniú, i dtoll a chéile, ón mheitheal féin. Chuige sin, iarradh gurbh fhiú bheith ag smaoineamh ar thograí féideartha. Maíodh go raibh sé róluath sa phróiseas bheith ag iarraidh tabhairt faoi sin áfach agus iarradh go gcuirfí samplaí ar fáil de na deontais ar éirigh leo go dáta i láthair na meithle. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh tábhacht ar leith leis an obair seo i gcomhthéacs na gciorruithe a bheadh le déanamh ar na buiséid as seo go ceann 4 bliana eile.

**Gníomh:** Téarmaí tagartha na meithle maoinithe le dréachtú agus le scaipeadh ar na Ceannasaithe. Samplaí de na hiarratais rathúla le cur ar fáil do na Ceannasaithe agus oifigigh na gCeanneagraíochtaí le cur ar an liosta ríomhphoist le haghaidh eolais nuashonraithe faoi na cistí Eorpacha.

**Pleananna agus Iarratais 2016 – nuashonrú ó Fhoras na Gaeilge**

9. Míníodh go raibh iarratas ó 4 Cheanneagraíocht faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge i mí na Nollag 2015 agus gur glacadh leo. Cuireadh in iúl go mbeadh socruithe á ndéanamh le haghaidh cruinnithe ráithiúla monatóireachta idir Foras na Gaeilge agus na Ceanneagraíochtaí le linn 2016. Míníodh go ndéanfaí an tuairisc ráithe a phlé ag an chruinniú sin idir an Ceannasaí agus an Clárbhainisteoir cuí ó Fhoras na Gaeilge. Mhínigh an Cathaoirleach gur trí chruinniú in aghaidh na bliana a bheadh i gceist agus go mbeadh dhá chruinniú ar siúl in oifigí Fhoras na Gaeilge agus cruinniú amháin in oifigí na gCeanneagraíochtaí.
10. Moladh gurbh fhiú cruinniú bheith ag Ceannasaithe le Foras na Gaeilge faoina n-iarratais ar mhaoiniú sula dtéann na hiarratais faoi bhráid an Bhoird in 2016.
11. Chuir L. Ó Maolaodha fáilte roimh cheapachán Chathaoirleach nua Fhoras na Gaeilge.

**Socruithe taighde do Phlean Straitéiseach an Fhóraim Chomhpháirtíochta**

12. Scaipeadh cóip de na téarmaí tagartha a bhí aontaithe le Coláiste Ollscoile BÁC don taighde le heolas bonnlíne a chur ar fáil don Phlean Straitéiseach mar eolas. Cuireadh in iúl go mbeadh na hoifigigh a bheadh ag tabhairt faoin taighde i dteagmháil le Ceannasaithe lena gcuidiú a iarraidh. Cuireadh in iúl go mbeadh cur i láthair le déanamh don Fhóram Comhpháirtíochta i mí na Bealtaine.

**Cur i láthair thuairiscí na gCeanneagraíochtaí ar ar baineadh amach in 2015**

13. Thug gach Ceannasaí cur i láthair ar na príomhthorthaí, na tionscadail chomhpháirtíochta agus ar na forbairtí úra a baineadh amach in 2015 agus bhí plé ina dhiaidh sin.
14. Moladh gurbh fhiú a thuairisciú don phobal an méid a bhí bainte amach ag Ceanneagraíochtaí in 2015 mar léargas don phobal. Aontaíodh go dtabharfaí tuairisc do Bhord Fhoras na Gaeilge ina leith freisin. Moladh go mbeadh sé

úsáideach léarscáil a dhéanamh de na háiteanna ina bhfuil na Ceanneagraíochtaí gníomhach agus gurbh fhiú comhairle a fháil ón ESRI maidir le staitisticí srl.

15. Míníodh gurbh fhiú do Cheanneagraíochtaí a chinntiú go bhfuil siad gníomhach sna ceantair a bhfuil Bailte Seirbhísí Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge luaite leo.
16. Rinneadh tagairt do na comhdhálacha/imeachtaí éagsúla a bhí ar siúl ar fhreastail na Ceannasaithe orthu agus aontaíodh go gcuirfí an t-eolas sin ar fáil le go ndéanfadh Foras na Gaeilge mórliosta de na himeachtaí ar fad.
17. Iarradh ar na Ceanneagraíochtaí an cur i láthair ar obair 2015 agus an tuairisc ar ráithe 4 de 2015 a chur sa dropbox.

**Gníomh:** An cur i láthair ar obair 2015 agus an tuairisc ar ráithe 4 de 2015 a chur sa dropbox

**Gníomh:** Liosta de na himeachtaí/chomhdhálacha le cur chuig Foras na Gaeilge.

**Dréachtpháipéar Oireachtas na Gaeilge ar cad is gréasán ann**

18. Scaipeadh cóip den dréachtpháipéar ar cad is gréasán ann agus bhí plé ina leith. Toisc gur cáipéis bheo í, aontaíodh go gcuirfí an dréachtpháipéar ar chlár an chruinnithe uair sa bhliain.

**Meamraim chomhthuisceana maidir le forbairt na Gaeilge sa teaghlach agus forbairt phobail**

19. Iarradh go bpléifeadh boird stiúrtha na gCeanneagraíochtaí uile an dá mheamram roimh an chéad chruinniú eile den Fhóram Comhpháirtíochta agus go ndéanfaí plé orthu arís ina dhiaidh sin ar an Fhóram.

**Gníomh:** Ceanneagraíochtaí leis an dá mheamram a chur i láthair a gcuid bord stiúrtha.

**Cur i láthair ar phleananna na gCeanneagraíochtaí do 2016**

20. Thug na Ceannasaithe cur i láthair ar a bpleananna do 2016. Aontaíodh gurbh fhiú léarscáil nó bunachar sonraí a chur le chéile:
    a. maidir leis na ceantair ina bhfuil na Ceanneagraíochtaí gníomhach;
    b. maidir le hionad na siopaí a mbíonn Glór na nGael ag plé leo;
    c. maidir leis na clubanna CLG a mbíonn Glór na nGael ag plé leo;
    d. maidir le Grúpaí tuistí agus táchráin;
    e. maidir le hionad na bhféiltí; agus
    f. maidir le hionad na dtobshiopaí.
21. D'aontaigh Ceannasaí Chumann na bhFiann go gcuirfeadh sí féin cáipéis Excel le chéile agus go dtig leis na Ceannasaithe eile cur leis an cháipéis sin dá réir.
22. Scaipeadh an teimpléad tuairiscithe agus bhí plé ina leith. Moladh gurbh fhiú cloí leis an tuairisciú ar Excel mar go raibh daoine i dtaithí air sin anois. Mothaíodh go raibh athrá i gceist leis na feidhmeanna agus gurbh fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar na feidhmeanna don bhliain seo chugainn. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh sé ag scríobh chuig Ceannasaithe chun moltaí a lorg maidir lena gcuid feidhmeanna agus go ndéanfaí an cheist a phlé

dá réir sin. Mhínigh sé go mbeadh an cheist le plé go hinmheánach ag foireann an Fhorais, leis an Choiste Forbartha agus leis an Bhord dá réir sin.

**Gníomh:** Cáipéis Excel le cur le chéile maidir leis na ceantair ina bhfuil Ceanneagraíochtaí gníomhach.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le scríobh chuig na Ceanneagraíochtaí ar lorg moltaí i leith na bhfeidhmeanna.

**Laethanta Oiliúna**

23. Rinneadh plé ar na leathanta oiliúna do bhaill foirne na gCeanneagraíochtaí, agus aontaíodh gur cheart tabhairt faoi oiliúint maidir le pleanáil teanga, bainistíocht feidhmíochta agus bainistíocht tionscnaimh agus na céimeanna ar fad chun tionscnamh a chur i gcrích agus conas bogearra a úsáid dá leithéid. Míníodh gur chuir PAI oiliúint den chineál ar fáil d'Fhoras na Gaeilge ar bhainistíocht feidhmíochta, agus aontaíodh go socródh Foras na Gaeilge lá foirne ar bhainistíocht feidhmíochta. Aontaíodh gur chóir ceardlann ar an phleanáil teanga a reáchtáil, bunaithe ar chomhthéacs obair na gCeanneagraíochtaí mar aon le ceardlann eile ar bhainistíocht tionscnaimh agus go mbeidh baill foirne ó gach Ceanneagraíocht i láthair ag na ceardlanna. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh téarmaí tagartha le dréachtú agus tairiscintí le lorg ina leith ach go rabhthas ag súil go mbeadh ceardlann ann i mí Aibreáin agus ceann eile i mí Mheán an Fhómhair. Moladh teagmháil a dhéanamh fosta leis an Carmichael Centre nó The Wheel toisc go bhfuil daoine acu le Gaeilge chun a leithéid d'oiliúint a chur ar fáil.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le tairiscintí le lorg mar gheall ar na laethanta oiliúna.

**Aon ghnó eile**

24. Cuireadh in iúl nach raibh an dáta don chruinniú ar 22 Meitheamh fóirsteanach do gach duine agus aontaíodh an dáta sin a athrú go dtí an 15 Meitheamh. Pléadh an dáta don chruinniú ar 2 Samhain le linn an Oireachtais agus moladh gurbh fhearr an cruinniú sin bheith ann ar 1 Samhain agus aontaíodh leis an mholadh sin.